



An Bhruiséil, 21 Eanáir 2026
(OR. en)

5602/26

AGRI 48
AGRIFIN 8
AGRIORG 7
AGRISTR 3
DELECT 11

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Eanáir 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 266 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 21.1.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 266 final.

Faoi iamh: C(2026) 266 final



An Bhruiséil, 21.1.2026
C(2026) 266 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 21.1.2026

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann leis an
imréiteach feidhmíochta bliantúil**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún, forlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.

Tá sé de chuspóir ag an leasú seo ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an Rialachán sin a ailíniú le Rialachán (AE) 2021/2116. Baineann an t-ailíniú le deireadh a chur leis an nós imeachta um imréiteach feidhmíochta bliantúil.

Comhlíonadh an phrionsabail dhigitigh: níl aon ábharthacht dhigiteach i gceist ós rud é nach é cuspóir an ghnímh forálacha nua a thabhairt isteach, ach deireadh a chur le nós imeachta atá i bhfeidhm cheana sna Ballstáit.

2. COMHAIRLIÚCHÁN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin le saineolaithe ó gach ceann de na 27 mBallstát laistigh den Sainghrúpa um Cheisteanna Cothrománacha a bhaineann le CBT. Seoladh teachtaireacht chuig comhaltaí an tSainghrúpa Dé Máirt, an 30 Meán Fómhair 2025 lena rabhtas in ann dréachtfhoráil an Choimisiúin agus comhthéacs an togra a chur i láthair ina n-íomláine. Chuir saineolaithe ó ocht mBallstát aiseolas ar fáil agus chuir ceathrar saineolaithe in iúl go dtacaíonn siad leis an togra nó nach bhfuil aon bharúil acu. Mhol saineolaí amháin go gcuirfí in iúl go soiléir gur cheart an rialachán a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus gur cheart feidhm a bheith aige ón mbliain airgeadais 2025. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an rialachán i bhfeidhm faoin 15 Feabhra 2026, déanfaidh an Coimisiún na forálacha cúlghabhálachta a áireamh sa dréachtrialachán, más gá, chun go mbeidh sé infheidhme le haghaidh na bliana airgeadais 2025. Níl na barúlacha a fuarthas ó shaineolaithe i dtrí Bhallstát eile nasctha leis na leasuithe a thugtar isteach sa rialachán.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh, cuirtear deireadh leis an gcleachtadh imréitigh feidhmíochta bhliantúil le haghaidh na mBallstát, mar a léirítear sa leasú ar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar airgeadais ag an leasú ar bhuiséad an Aontais.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 21.1.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a mhéid a bhaineann leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013¹, agus go háirithe Airteagal 11(1), Airteagal 38(2) agus Airteagal 40(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta díri, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis², agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún³, forlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.
- (2) Le Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle scriostar Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116, lena ndéantar foráil maidir leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí don imréiteach feidhmíochta bliantúil a scriosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 mar a leanas:

¹ IO L 435, 6.12.2021, lch. 87, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj>.

² IO L 2025/2649, 31.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2649/oj>.

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

(1) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

‘go mbeidh an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 cumhdaithe faoi raon feidhme na tuairime dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 agus go mbeidh dearbhú bainistíochta, lena gcumhdófar cur le chéile na tuarascála iomláine, ag gabháil léi nuair a tharchuirfear í;’

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘cuirfead na lagduithe dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm gan dochar don chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir leis an nós imeachta comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2116.’

(3) scriostar Airteagal 11.

(4) scriostar Airteagal 13.

(5) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1 (A) (iv):

‘(iv) a mhéid a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheofar freisin le struchtúr eagrúcháin na gníomhaireachta íocaíochta go ndéanfar an tuairisciú feidhmíochta ar tháscairí aschuir agus ar tháscairí toraidh le haghaidh an fhaireacháin feidhmíochta ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, rud a léiríonn go bhfuil Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/2116 á chomhlíonadh.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.1.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN